# Vóta 27

# Comhar Idirnáisiúnta

# Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar Chúnamh Forbartha Oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith, agus ar ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gcúnamh forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.411 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach seilbhe na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha a cuireadh i gcrích in 2005 agus é coigeartaithe:

- de réir feabhsuithe ar thalamh agus ar fhoirgnimh ó 2005 atá léirithe ar chostas
- de réir talamh agus foirgnimh a fuarthas ó 2005 atá léirithe ar chostas chomh maith.

***Dímheas***

Tá dímheas déanta ar fheithiclí de réir méid chothroim ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta rátaí malairte***

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn as airgeadraí inmhalartaithe go Euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn as airgeadraí neamh-inmhalartaithe go Euro ag ráta malairte an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na míosa sin.

***Aisíocaíochtaí deontas***

Déantar deontais a maoiníodh ón gciste comhoibriú déthaobhach agus ón gcúnamh daonnúil a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, i m'Oifigeach Cuntasaíochta dom, a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn/Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhís chomhroinnte (e.g. AD)a sholáthar. Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de.

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánigch airgeadais.
- Tá tuairisc i scríbhinn ar na nósanna imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm. Tá na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- bíonn dualgais á ndeighilt agus tá córas tarmligin agus cuntasachta ann
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearaí go leanúnach;
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí,
- córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn,
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail foirmeálta i bhfeidhm

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne soláthair iomchuí a chinntiú. Cuireadh trí chonradh, arbh ionann a luach agus €249,026, san áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/02 ós rud é go sáraíonn siad na tairsí tuairiscithe €25,000, agus gur bronnadh iad inter alia gan próiseas iomaíoch. Meastar an trí chonradh a bheith neamhiomaíoch ach comhlíontach. Níor cuireadh táiriscintí isteach ar na conarthaí mar gur bhain ceann le soláthar dílseánaigh maidir le conarthaí ar cuireadh tairiscintí isteach ina leith roimhe seo (€155,745) agus bhain an dá chonradh eile le cásanna inar cuireadh síneadh le conarthaí ar cuireadh tairiscintí isteach ina leith roimhe seo (€93,281). Athbhreithneoidh aonad soláthair mo Roinne na conarthaí sin in 2020.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Bíonn rioscaí de dhlúth agus d'inneach cúnaimh forbartha, agus aithním na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar a leagtar amach thuas, agus cuireann na rialuithe seo a leanas leo sna tíortha atá ina gcomhpháirtithe linn mar atá leagtha amach thíos.

***Iniúchadh inmheánach agus An Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá próiseas foirmeálta i bhfeidhm chun go leantar suas moltaí a chur i gcrích ó thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Timpeallacht rialaithe inmheánaigh a bhreisiú***

Chomh maith leis na rialuithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm sna tíortha atá ina gcomhpháirtithe linn chun na rioscaí a bhíonn de dhlúth agus d'inneach an chúnaimh forbartha a mhaolú.

- Chomh maith leis an Ambasadóir, tá Ceann Forbartha atá freagrach as an gclár cúnaimh a bhainistiú, ag gach ambasáid.
- Chomh maith leis an Ambasadóir agus an Ceann Forbartha cuimsítear speisialtóirí forbartha agus bainisteoirí/comhairleoirí cláir atá cuícháilithe agus a bhfuil taithí acu i struchtúr bainistíochta na hambasáide.
- Tá próiseas beacht ilbhliantúil ceadaithe agus pleanála ann do gach clár tíre, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar straitéis misin a chuimsíonn leasa polaitíochta, trádála agus forbartha na hÉireann i ngach cás. Déantar gach straitéis misin a mheasúnú ina tús trí phróiseas dearbhaithe cáilíochta seachtrach neamhspleách (*EQA*) sula gceadaítear iad; tá gach straitéis misin faoi réir próiseas athbhreithnithe lár téarma chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomórtas le cuspóirí agus spriocanna; agus déantar gach straitéis misin a mheasúnú trí mheastóireacht neamhspleách ar deireadh roimh an gcéad chúrsa straitéise eile.
- Tá próisis bhliantúla láidre phleanála gnó i bhfeidhm ag gach misean, lena n-áirítear rioscaí a aithint agus a mheasúnú maidir le cur i bhfeidhm plean gnó agus tá rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déantar pleananna gnó agus cláir rioscaí a fhorbairt i gcomhairle leis an gceannoifig, agus déantar monatóireacht orthu agus iad a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Tuairiscítear rioscaí suntasacha misin chuig an gCoiste Bainistithe Riosca agus chuig an mBord Bainistíochta ag teacht le Beartas Bainistithe Riosca na Roinne.
- Tá feidhm airgeadais ar bun go háitiúil ag gach ambasáid, faoi cheannas cheann airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn chuig an Ambasadóir agus chuig an Rannán Airgeadais sa cheannoifig.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach go mion na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach idirbheart riaracháin agus gach idirbheart a bhaineann le deontais.

- Tá iniúchóirí inmheánacha i bhfeidhm i ngach ambasáid, a thuairiscíonn chuig an Ambasadóir, agus tugtar faoina gcuid oibre iniúchta inmheánaigh mar chuid de phlean/straitéis iniúchta inmheánaigh foriomlán na Roinne atá faoi chúram bainistíochta an Aonaid Iniúchta agus Meastóireachta. Déanann an tAonad Iniúchta agus Meastóireachta maoirseacht ar an obair agus cinntíonn sé go ndéantar an obair faoi réir na gCaighdeán Iniúchta Inmheánaigh a nglactar leo go hidirnáisiúnta.

Ina theannta sin, maidir le híocaíochtaí na ceannoifige do chúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, iltaobhach agus sochaí sibhialta), tá meicníochtaí láidre pleanála gnó i bhfeidhm, lena n-áirítear an buiséad foriomlán á cheadú ag an gCoiste Idir-rannach Cúnaimh Forbartha, monatóireacht á déanamh ar chaiteachas ag an gGrúpa Bainistíochta Sinsearaí ar bhonn míosúil agus réamhnósanna imeachta agus iarnósanna imeachta láidre bainistíochta leithdháilte deontais.

Leagtar béim leanúnach ar a chinntiú go bhfuil córas bainistithe riosca láidir i bhfeidhm ar fud an chláir cúnaimh, lena n-áirítear rialuithe chun an bhainistíocht a chur an an eolas maidir le hathruithe i bpróifíl riosca a bhraitear i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomh cuí a ghlacadh a luaithe agus is féidir.

Úsáidtear an Cur Chuige Caighdeánach maidir le Bainistíocht Deontais chun na deontais ar fad a bhronnadh, agus ba cheart go gcinnteodh sin leanúnachas maidir le cuir chuige i leith bainistithe deontais ar fud an chláir.

Táim tiomanta a chinntiú go leanfaimid orainn ag neartú ár gcórais aitheanta agus bainistithe riosca agus go leanfar ag déanamh monatóireachta agus iniúchta leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

***Tiomantais deontais***

Tá an Roinn i mbun an phróisis chun córas bainistithe deontais a fhorbairt a mbeidh sé mar aidhm leis gach tiomantas deontais a rianú agus faisnéis suas chun dáta a chur ar fáil maidir le hoibleagáidí na Roinne i ndáil le tiomantais chonartha dá leithéid. Nuair nach bhfuil córas den chineál sin ann, ní fhéadfaí an nochtadh mionsonraithe atá á lorg sna cuntais leithreasa i ndáil leis an ngluaiseacht maidir le tiomantais deontais a chainníochtú. Tá meastachán maidir leis na hoibleagáidí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2019 curtha ar fáil i Nóta 2.6 áfach.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, agus a mhéid agus is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú ar a laghad ceithre huaire in aghaidh na bliana. Baintear leas as na hathbhreithnithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha. Déanann an tAonad Iniúchta agus Meastóireachta athbhreithnithe tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistithe riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchta inmheánaigh.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh – chomh maith leis an mbainistíocht agus an Bord Bainistíochta – go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2019 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

30 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Comhar Idirnáisiúnta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2020

# Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

## Cuntas Leithreasa 2019

| | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|
| | Soláthar meast-acháin | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | |
| A Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais | 544,926 | 543,601 | 514,459 |
| **Ollchaiteachas** | **544,926** | **543,601** | **514,459** |
| *Lúide* | | | |
| B **Leithreasaí i gCabhair** | **1,100** | **1,186** | **1,240** |
| **Glanchaiteachas** | **543,826** | **542,415** | **513,219** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **1,410,728** | **1,087,489** |

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

30 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 511,166 | 486,524 |
| Pá | | 17,642 | 15,597 |
| Neamhphá | | 14,793 | 12,338 |
| **Ollchaiteachas** | | **543,601** | **514,459** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **1,186** | **1,240** |
| **Glanchaiteachas** | | **542,415** | **513,219** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (737) | | |
| Dímheas | 557 | (180) | (358) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (400) | | |
| Méadú ar stoc | (1) | (401) | 25 |
| **Caiteachas díreach** | | **541,834** | **512,886** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 23 | 19 |
| **Glanchostas cláir** | | **541,857** | **512,905** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 27 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 23 | 19 |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 €000 | 2018 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 11,819 | 11,639 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 6,105 | (1,464) |
| Stoic | | 33 | 32 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,004 | 1,347 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 246 | 183 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.4 | 30 | 8,195 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 8,418 | 8,293 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 520 | 263 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.3 | 993 | 298 |
| Ciste cúnaimh déthaobhaigh agus cúnaimh eile (deontas) | 7 | 5,388 | 6,616 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 6,901 | 7,177 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,517 | 1,116 |
| **Glansócmhainní** | | **13,336** | **12,755** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas an mhaoinithe Stáit** | 2.5 | **13,336** | **12,755** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh | Troscán agus feistis | Feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 10,487 | 1,527 | 772 | 2,969 | 15,755 |
| Breiseanna | — | 455 | 46 | 236 | 737 |
| Diúscairtí | — | (98) | (16) | (108) | (222) |
| Costas nó Luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 10,487 | 1,884 | 802 | 3,097 | 16,270 |
| **Dímheas Carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | — | 1,283 | 700 | 2,133 | 4,116 |
| Dímheas don bhliain | — | 200 | 20 | 337 | 557 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (98) | (16) | (108) | (222) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | — | 1,385 | 704 | 2,362 | 4,451 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **10,487** | **499** | **98** | **735** | **11,819** |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018 | 10,487 | 244 | 72 | 836 | 11,639 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid *PMG* | 5,701 | (1,780) |
| Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála | 64 | 14 |
| Iarmhéideanna bainc agus airgead tirim an mhisin [a] | 340 | 302 |
| | **6,105** | **(1,464)** |

Nóta [a] Áirítear iarmhéideanna bainc agus airgid tirim na misean i dtíortha nach bhfuil i gcomhpháirt linn sa nóta seo. Ní áirítear iarmhéideanna bainc agus airgid tirim na misean i 9 dtír atá i gcomhpháirt linn arb ionann a luach agus €1.2 milliún sna hiarmhéideanna atá léirithe (2018: €1.2 milliún).

## 2.3 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 97 | 105 |
| Cáin bhreisluacha | 8 | 1 |
| | 105 | 106 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 888 | 192 |
| | **993** | **298** |

## 2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 1,411 | 1,087 |
| Deontas neamhtharraingthe an Státchiste | (1,441) | (9,282) |
| **Glanmhaoiniú ónStátchiste** | **(30)** | **(8,195)** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 6,105 | (1,464) |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 246 | 183 |
| | 6,351 | (1,281) |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (105) | (106) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (888) | (192) |
| Ciste cúnaimh déthaobhaigh agus cúnaimh eile (deontas) | (5,388) | (6,616) |
| | (6,381) | (6,914) |
| | **(30)** | **(8,195)** |

## 2.5 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 12,755 | 12,422 |
| Íocaíochtaí amach as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 543,826 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,411) | | |
| Vóta glan | | | 542,415 | 513,219 |
| Caiteachas a iompraíodh in áit eile | 1 | | 23 | 19 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (541,857) | (512,905) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **13,336** | **12,755** |

## 2.6 Tiomantais

| **Tiomantais lánchuimsitheacha** amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tiomantais chíosa | 6,590 | 3,886 |
| Cláir deontais neamh-chaipitil [a] | 488,972 | — |
| | **495,562** | **3,886** |

Nóta [a] Ní raibh tiomantais faoi na cláir deontais neamh-chaipitil cainníochtaithe an 31 Nollaig 2018.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meast-acháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 17,929 | 17,642 | 15,597 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,900 | 2,236 | 1,857 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 2,100 | 1,858 | 1,990 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,850 | 1,366 | 1,166 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,550 | 1,608 | 1,140 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 6,000 | 5,103 | 4,105 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas | 500 | 400 | 123 |
| viii | Tacaíocht promóisin agus cóiríocht | 1,900 | 2,222 | 1,957 |
| | | **33,729** | **32,435** | **27,935** |

#### Athrúcháin shuntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin: €1.85 milliún, toradh: €1.366 milliún*

Bhain an ganncaitheamh €484,000 maidir le seirbhísí poist agus teileachumarsáide le coigilteas a baineadh amach ar chostais satailíte agus chumarsáide a d'eascair as an moill a bhí ann ciorcaid chumarsáide nua a chur i bhfeidhm.

## Clár A Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meast-acháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 17,929 | 17,642 | 15,597 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 15,800 | 14,793 | 12,338 |
| A.3 | Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil | 413,714 | 411,086 | 384,642 |
| A.4 | Rannaíocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha | 56,831 | 59,459 | 60,757 |
| A.5 | Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus tíortha eile i mbéal forbartha | 40,652 | 40,621 | 41,125 |
| | | **544,926** | **543,601** | **514,459** |

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Leithreasaí i gCabhair | 450 | 657 | 659 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 650 | 529 | 581 |
| | **Iomlán** | **1,100** | **1,186** | **1,240** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €86,000 milliún níos mó ná an meastachán a bhí tuartha. Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

**1 Leithreasaí i gCabhair**

*Meastachán: €450,000, réadaithe: €657,000*

Bhain an méadú €207,000 le haisíocaíochtaí CBL níos airde maidir le misin thar lear ná mar a raibh súil leis.

**2 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €650,000, réadaithe: €529,000*

Bhain an t-easnamh €121,000 leis na hathruithe a tháinig ar na rátaí ríomha don ranníocaíocht bhreise aoisliúntais.

## Nóta 5 Foireann a Sholáthar agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 280 | 249 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 15,981 | 14,126 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 24 | 21 |
| Liúntais eile | 29 | 24 |
| Ragobair | 46 | 42 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,148 | 1,004 |
| Leas sóisialta eachtrach agus costais eile | 414 | 380 |
| **Pá iomlán** | **17,642** | **15,597** |

Nóta Chomh maith leis sin muirearaítear costais na foirne slándála sna misin chuig costais slándála faoi speansais theagmhasacha.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaigh-teoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 2 | 1 | 19,585 | 19,568 |
| Liúntais eile | 11 | — | 7,526 | 6,997 |
| Ragobair | 6 | 1 | 11,813 | 11,286 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 2 | 2 | 14,286 | 15,522 |

### 5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh seisear státseirbhíseach ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ag costas iomlán de €18,567.

### 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 13 | 34,922 | 39,421 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 5 | 18,862 | 19,849 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí na NA agus do ghníomhaireachtaí forbartha eile (A.5)

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (*UNDP*) | 7,750 | 7,750 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (*UNICEF*) | 7,200 | 8,200 |
| Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (*UNHCR*) | 9,000 | 7,500 |
| Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe | 3,500 | 3,500 |
| Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine | 2,300 | 2,300 |
| *UNAIDS* | 2,400 | 2,400 |
| Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (*UNIFEM*) | 1,500 | 1,500 |
| Ciste Iontaobhais Ginearálta na NA | 50 | 2,480 |
| Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe | 279 | 372 |
| Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (*UNWRA*) | 5,000 | 4,000 |
| Ciste Iontaobhais Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (*UNEP*) | 300 | 343 |
| Deonaigh na Náisiún Aontaithe | 600 | 500 |
| Eile - éagsúil | 742 | 280 |
| | **40,621** | **41,125** |

## Nóta 7 Ciste déthaobhach agus ón gcomharchiste eile (deontas)

Cuntas fáltais agus na n-íocaíochtaí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 6,616 | 4,713 |
| Deontas | 411,086 | 384,642 |
| Méideanna a aisghabhadh i rith na bliana | 1,470 | 2,075 |
| Caiteachas don bhliain | (413,784) | (384,814) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **5,388** | **6,616** |